C/2026/713

30.1.2026

# Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/713)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

**'Bolandin'**

**Uimhir thagartha AE: PDO-ES-N1876-AM01 — 5.11.2025**

1. **Ainm an táirge**

'Bolandin'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíon

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

*Ainm*

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia. Ard-Stiúrthóireacht um Bia. Fo-Ardstiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia.

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann an t-údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú sin ar shonraíocht táirge ATFC 'Bolandin'; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d'aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach: níl i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí nó ar na catagóirí táirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach; níl an baol dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

*Ceannteideal*

ATHRUITHE AR THUAIRISCÍ ORGÁNAILEIPTEACHA.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

*Tuairisc*

Leis na leasuithe, cuirtear feabhas ar shoiléireacht, ar shainiúlacht agus ar oibiachtúlacht na dtuairisceoirí orgánaileipteacha le haghaidh gach cineáil fíona sna céimeanna éagsúla measúnaithe (cuma, dea-bholadh agus blas).

Baineann an leasú sin le pointe 2(b) den tsonraíocht táirge agus le pointe 6 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

*Ceannteideal*

SONRAÍ TEAGMHÁLA AN ÚDARÁIS INNIÚIL A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA

*Tuairisc*

Glacadh an deis uimhir theileafóin an údaráis inniúil a thabhairt cothrom le dáta.

Baineann an leasú sin le pointe 9 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

**Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon**

**‘Bolandin’**

**Uimhir thagartha AE: PDO-ES-N1876-AM01 — 5.11.2025**

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Bolandin’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód de chuid na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

*Táirge fíniúna*

Fíonta dearga

*Saintréithe orgánaileipteacha*

Cuma

Dath idir meándéine agus ard-déine. Ton: dath dearg agus imireacha idir corcairghorm i bhfíonta óga agus donnrua i bhfíonta aosaithe.

Dea-bholadh

Ard-déine, le dea-bholaithe torthaí dubha agus dearga. Beidh ruainníní spíosraí agus/nó blasanna tóstáilte le fáil i bhfíonta aosaithe.

Blas

Tathagach. Dea-thomhaiste. Iarbhlas fada. Aigéadacht chothrom. Ruainníní ón mbairille (rósta agus/nó tóstáilte).

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

| | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): | — |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): | 12,5 |
| Aigéadacht iomlán íosta: | — |
| Aonad aigéadachta iomláine íosta: | — |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): | — |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): | 130 |

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta (i ngraim d'aigéad aicéiteach in aghaidh an lítir):

— i gcás fíonta óga: 0,65 (10,83 meq/l)

— i gcás fíonta aosaithe: 0,85 (14,17 meq/l)

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

*Táirge finiúna*

Fíonta geala

*Saintréithe orgánaileipteacha*

Cuma

Dath buí, dath na tuí i bhfíonta óga agus dath órga i gcás fíonta a choiptear agus/nó a aosaítear i mbairillí. Glé agus geal.

Dea-bholadh

Déine idir measartha agus ard, torthaíoch, agus ruainníní torthaí trópaiceacha. Tiocfaidh dea-bholaithe spíosracha chun cinn i bhfíonta aosaithe.

Blas

Tathag idir meánach agus iomlán. Úr agus torthaíoch. Beidh cothromaíocht mhaith ag fíonta óga agus fíonta aosaithe araon.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

| | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): | — |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): | 12,5 |
| Aigéadacht iomlán íosta: | — |
| Aonad aigéadachta iomláine íosta: | — |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): | — |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): | 170 |

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta (i ngraim d'aigéad aicéiteach in aghaidh an lítir):

— i gcás fíonta óga: 0,65 (10,83 meq/l)

— i gcás fíonta aosaithe: 0,85 (14,17 meq/l)

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

*Táirge fíniúna*

Fíonta geala a dhéantar as fíonchaora ró-aibí

*Saintréithe orgánaileipteacha*

Cuma

Dath buí-órga dian, glan agus lonrach.

Dea-bholadh

Ard-déine. Dea-bholaithe torthaí aibí (mil, cainche aibí, fige, etc.). An-torthaíoch.

**Bla**s

Tathag meánach nó iomlán, cothrom. Iarbhlas fada.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

| | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): | — |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): | 12,5 |
| Aigéadacht iomlán íosta: | — |
| Aonad aigéadachta iomláine íosta: | — |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): | — |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): | 250 |

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta (i ngraim d'aigéad aicéiteach in aghaidh an lítir) i gcás:

— fíonta óga: 0,74 (12,33 meq/l)

— fíonta aosaithe: 0,85 (14,17 meq/l)

— fíonta geala milse a dhéantar as fíonchaora botraíteasaithe: 0,72 (12 meq/l) + 0,06 (1 meq/l) le haghaidh gach céime de neart alcóil nádúrtha níos mó ná 10 % de réir toirte.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh agus srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ní fhéadfar a mheas i gcás ar bith gur cuireadh tús leis an bpróiseas aosaithe roimh an 1 Deireadh Fómhair de bhliain na buainte.

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Tuairisc

Ní bheidh an dlús plandaithe ag fíonghoirt 'Bolandin' níos ísle ná 2 400 fíniúin in aghaidh an heicteáir.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Cabernet Sauvignon, Tempranillo agus Merlot

Uastáirgeacht:

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht | 7 500 |
| Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid: | cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir |

Gach fíon / catagóir / cineál

Cabernet Sauvignon, Tempranillo agus Merlot

Uastáirgeacht:

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht | 52 |
| Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid: | heictilítir in aghaidh an heicteáir |

Gach fíon / catagóir / cineál

Sauvignon Blanc agus Chardonnay

Uastáirgeacht:

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht | 7 400 |
| Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid: | cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir |

Gach fíon / catagóir / cineál

Sauvignon Blanc agus Chardonnay

Uastáirgeacht:

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht | 48 |
| Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid: | heictilítir in aghaidh an heicteáir |

Gach fíon / catagóir / cineál

Syrah

Uastáirgeacht:

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht | 7 300 |
| Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid: | cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir |

Gach fíon / catagóir / cineál

Syrah

Uastáirgeacht:

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht | 51 |
| Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid: | heictilítir in aghaidh an heicteáir |

Gach fíon / catagóir / cineál

Moscatel de grano menudo (muscat gráin bhig)

Uastáirgeacht:

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht | 7 200 |
| Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid: | cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir |

Gach fíon / catagóir / cineál

Moscatel de grano menudo (muscat gráin bhig)

Uastáirgeacht:

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht | 28 |
| Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid: | heictilítir in aghaidh an heicteáir |

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— CABERNET SAUVIGNON

— CHARDONNAY

— MERLOT

— MOSCATEL DE GRANO MENUDO

— SAUVIGNON BLANC

— SYRAH

— TEMPRANILLO

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Tá sé lonnaithe i mbardas Ablitas (Pobal Féinrialaitheach Navarra) agus tá na dáileachtaí talún cadastracha seo a leanas ann: Polagán 5, dáileachtaí talún 1658, 1659, 1660, 1661, 1662, 1663, 1884, 1885 agus dáileacht talún A i bpáirt, E, F, G agus H.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

*Catagóir an táirge fíniúna*

1. Fíon

*Achoimre ar an nasc*

Tá tionchar mór ag suíomh an limistéir chríochaithe i ndeisceart réigiún Navarra ar a aeráid (aeráid an-ilchríochach agus tionchar na Meánmhara), toisc go bhfuil an suimiú teasa is airde agus na huasteochtaí is airde ag an réigiún. Déantar an tionchar sin a uasmhéadú a thuilleadh toisc go bhfuil fánaí a bhfuil a n-aghaidh ó dheas sa limistéar críochaithe, mar sin ar an leibhéal áitiúil sna fíonghoirt sa limistéar críochaithe, tá na teochtaí i bhfad níos airde agus tá an bhogthaise choibhneasta an-íseal.

Tá an fhrasaíocht sa limistéar críochaithe ar an bhfrasaíocht is ísle sa réigiún freisin toisc go gciallaíonn éifeacht Foehn in Sierra de Moncayo nach sroicheann an bháisteach a thagann ón deisceart gleann thuaidh na sléibhte sin, arb é an áit é ina bhfuil limistéar críochaithe Bolandin suite. I bhfianaise éifeacht na gaireachta d'Abhainn Ebro, ní shroicheann an bháisteach ón tuaisceart an taobh ó dheas den abhainn, áit a bhfuil an limistéar críochaithe suite. Méadaítear an éifeacht sin toisc go dtagann gaotha aduaidh roimh an mbáisteach sin a laghdaíonn an bhogthaise choibhneasta lena dteochtaí ísle agus a chuireann le tirimeacht dá réir sin.

Is é an toradh a bhíonn air sin fíonta dearga a bhfuil dath níos déine orthu, le hinnéacs iomlán polaifeanóil níos airde agus ardleibhéal polaiméirithe, aibíochta, físeáltachta agus tainniní míne, rud a chiallaíonn go bhfuil siad tathagach sa bhéal, go bhfuil siad láidir, agus nach bhfuil aon ghéire acu. Tá na dea-bholaithe níos torthaíche agus níos plandúla ná mar is gnách, toisc go bhfuil leibhéil na gcomhdhúl aramatach pioraisín atá i bhfíonta a dhéantar as cineálacha amhail Syrah, Merlot agus Cabernet Sauvignon an-íseal.

Tá cion ard alcóil sna fíonta, rud a mhéadaíonn an bhraistint maidir le láidreacht agus milseacht sa bhéal, le comhdhúile feanólacha an-aibí, a chuireann teorainn le finíocht ocsaigine na bhfíonta, rud a sheachnaíonn dea-bholaithe sulfair laghdaitheacha a bheith orthu. Tá na fíonta a eascraíonn as sin an-aramatach agus léiritheach. Tá an t-aosú agus an t-ocsaídiú mall mar gheall ar an tiúchan ard polaifeanóil, mar sin tá seilfré fhada ag na fíonta agus aosaíonn siad go maith.

Aigéadacht atá cothrom go maith, nach mbíonn an-ard riamh. Tá an leibhéal aigéid mhalaigh an-íseal, mar gheall ar dhóchán aigéad orgánach arb iad na teochtaí arda sa samhradh le linn an aibithe is cúis leis.

*Catagóir an táirge fíniúna*

16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

*Achoimre ar an nasc*

Mar thoradh ar na teochtaí arda agus ar an aeráid thirim, bíonn fíonta geala ann ó fhíonchaora ró-aibí a bhfuil cion ard alcóil iontu. Méadaíonn sé sin an bhraistint maidir le láidreacht agus milseacht sa bhéal. Tá comhdhúile feanólacha an-aibí acu, rud a chuireann teorainn le finíocht ocsaigine na bhfíonta, rud a sheachnaíonn dea-bholaithe sulfair laghdaitheacha a bheith orthu. Tá na fíonta an-aramatach agus léiritheach. Tá an t-aosú agus an t-ocsaídiú mall mar gheall ar an tiúchan ard polaifeanóil, mar sin bíonn an tseilfré fada agus aosaíonn na fíonta go maith. Tá an aigéadacht cothrom agus ní bhíonn sí an-ard riamh.

Tá na fíonta sin olartha agus dath órbhuí orthu mar gheall ar an tréimhse fhada nochta do sholas na gréine, rud a fhágann go bhfuil an táirge lonrach. Mar gheall ar an easpa báistí, is féidir ró-aibiú a dhéanamh thar thréimhse fhada ama, rud a fhágann go mbíonn déine mhaith dea-bholaithe torthaí aibí, meala agus ruainníní citris ann.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

*Ceannteideal an cheanglais / an mhaolaithe*

PACÁISTIÚ AG AN bhFOINSE

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Ní mór na fíonta a bhuidéalú sa limistéar táirgthe toisc, i gcás na bhfíonta uile a chumhdaítear leis an ainmniúchán, go dtugtar an próiseas i gcrích leis an dara céim den aosú sa bhuidéal. Leis an bpróiseas laghdaithe sa tréimhse sin, cuirtear feabhas ar cháilíocht na bhfíonta agus comhlánaítear a mblas. Tá siad réidh lena n-ól nuair a bhaineann siad amach na tréithe orgánaileipteacha a leagtar amach le haghaidh gach cineáil fíona.

**Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://www.navarra.es/documents/48192/34266318/2025+pliego+de+condiciones_bolandinconsolidado.pdf/6aac4bfa-db61-e072-b6d8-667df4c5b387?t=1748260802086